

# Sa Dáil

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thrí scéal a bhí faoi chaibidil sa Dáil. Bí ag obair leis an duine in aice leat sula bhféachfaidh sibh ar an mír. Bainigí amach na lúibíní thíos chun na teidil chearta a chumadh.

(Cumann)(Altra)(Bean Chabhrach)(Éire)


---

(An)(Biúró)(um)(Sócmhainn)(Coiriúil)

---

(An)(Coiste)(um)(Tithíocht)(Pleanáil)(Rialtas Áitiúil)

---



Féach ar an suíomh [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie) le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

## Ceist 2

Cén Ghaeilge atá ar na focail agus na frásaí seo? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

### Géarchéim sna hospidéal

- trolleys
- figures
- referring to
- the highest amount this year
- decreased, reduced

### Foréigean ar an teorainn

- the rule of law
- given, in light of
- multi-disciplinary agency
- the threats
- unacceptable
- legislation

**Uisce Éireann**

- boil water notice
- in effect
- at the earliest
- (water) treatment plant
- the company's managing director
- consumers

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

**Ceist 3**

Anois, féach ar an tuairisc arís agus breac síos achoimre ghearr ar na trí scéal a bhí sa mhír.

**Géarchéim sna hospidéal  
Foréigean ar an teorainn  
Uisce Éireann**

Cuir an méid a scríobh tú i gcomparáid leis an duine in aice leat.

**Ceist 4**

'...Dúirt sé...'

Na briathra mírialta san aimsir chaite.

A. Scríobh amach an fhoirm cheisteach agus na freagraí dearfacha agus diúltacha de na briathra mírialta san aimsir chaite. Lean an sampla atá tugtha.

Abair	An ndúirt tú...?	Dúirt.	Ní dúirt.
Beir			
Bí			
Clois			
Déan			
Faigh			
Feic			
Ith			
Tabhair			
Tar			
Téigh			

B. Anois, cum ceisteanna leis na briathra sin chun cur ar an duine in aice leat faoin deireadh seachtaine a bhí acu.

**Ceist 5**

Cuir an t-alt roimh na hainmfhocail seo a bhí sa mhír. Bain úsáid as na rialacha sa bhosca thíos chun cabhrú leat. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

*othar, cuid, bliain, coiste, uisce, rialtas, forlámhas, bagairt, áisíneacht, stiúrthóir, fiosrúchán, teorainn, ionadaí, fógra, tomhaltóir*

**VIFAX 07 Samhain 2019**  
**Ardleibhéal**

	Firinscneach	Baininscneach
Ainmfhocail a thosaíonn le guta	an t-airgead	an aire
Ainmfhocail a thosaíonn le consan	an grá	an ghruaim
Ainmfhocail a thosaíonn le <b>s</b>	an siopa	an tsaoire
Ainmfhocail a thosaíonn le <b>d</b> nó <b>t</b>	an deartháir an Taoiseach	an deoch an teocht

**Ceist 6**

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil mórán suime agat féin i gcúrsaí reatha na hÉireann? Cén fáth?
2. Cén fáth a bhfuil an oiread sin othar ar thralaithe sna hospidéal in Éirinn, dar leat?
3. Cad is cúis leis na fadhbanna uisce atá in Éirinn le bliain nó dhó anuas?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann  
An Biúró um Shócmhainní Coiriúla  
An Coiste um Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil

### Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

#### Géarchéim sna hospidéal

trolleys – *tralaith*

figures – *figiúirí*

referring to – *ag tagairt do*

the highest amount this year – *an líon is airde go dtí seo i mbliana*

decreased, reduced – *laghdaithe*

#### Foréigean ar an teorainn

the rule of law – *forlámhas an dlí*

given, in light of – *i bhfianaise*

multi-disciplinary agency – *áisíneacht ildisciplíneach*

the threats – *na bagairtí*

unacceptable – *do-ghlactha*

legislation – *reachtaíocht*

#### Uisce Éireann

boil water notice – *fógra fiuchta uisce*

in effect – *i bhfeidhm*

at the earliest – *ar a luaithe*

(water) treatment plant – *ionad cóireála (uisce)*

the company's managing director – *stiúrthóir bainistíochta an chomhlachta*

consumers – *tomhaltóirí*

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

Abair	An ndúirt tú...?	Dúirt	Ní dúirt
Beir	Ar rugamar ...?	Rug	Níor rug
Bí	An raibh sé...?	Bhí	Ní raibh
Clois	Ar chuala sí?	Chuala	Níor chuala
Déan	An ndearna sé...?	Rinne	Ní dhearna
Faigh	An bhfuair sibh...?	Fuair	Ní bhfuair
Feic	An bhfaca mé...?	Chonaic	Ní fhaca
Ith	Ar ith siad...?	D'ith	Níor ith
Tabhair	Ar thug tú...?	Thug	Níor thug
Tar	Ar tháinig sí...?	Tháinig	Níor tháinig
Téigh	An ndeachaigh siad...?	Chuaigh	Ní dheachaigh

### Ceist 5

*an t-othar*

*an chuid*

*an bhliain*

*an coiste*  
*an t-uisce*  
*an rialtas*  
*an forlámhas*  
*an bhagairt*  
*an áisíneacht*  
*an stiúrthóir*  
*an fiosrúchán*  
*an teorainn*  
*an t-ionadaí*  
*an fógra*  
*an tomhaltóir*

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Eimear Ní Chonaola**

Tá an líon othar atá ar thralaithe in ospidéal na tíre tite go dtí 317 tráthnóna agus beidh leaba ag an gcuid is mó díobh sin fós anocht, a dúirt an Taoiseach. Ba ag tagairt d'fhigiúirí nua ó Chumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann a bhí an Taoiseach. Figiúirí a léiríonn go raibh 679 othar ar thralaithe inniu – an líon is airde fós i mbliana. Dúradh ag Coiste Oireachtais inniu freisin go bhfanfadh an fógra fiuchta uisce i bhfeidhm in áiteanna i mBaile Átha Cliath, i gCill Dara agus i gContae na Mí go dtí Déardaoin ar a luaithe.

**Peadar Mac Gaoithín**

Tá ag teip go hiomlán ar pholasaithe sláinte an rialtais seo a dúirt Uachtarán Shinn Féin, Mary Lou McDonald, sa Dáil tráthnóna. Thagair sí d'fhigiúirí ó Chumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann, a léirigh go raibh 679 othar ag fanacht ar leaba in ospidéal na tíre inniu – an líon is airde go dtí seo i mbliana. Dúirt an Taoiseach go bhfuil an rialtas ag déanamh gach is féidir le feabhas a chur ar an scéal. Dúirt sé go raibh an figiúr sin laghdaithe go dtí 317 tráthnóna agus gur mheas sé go mbeadh leaba ag an chuid is mó díobh siúd faoi anocht.

Dúirt Ceannaire Fhianna Fáil, Micheál Martin, go bhfuil forlámhas an dlí i gceantar na teorann imithe, i bhfianaise an fhoréigin agus na mbagairtí atá déanta ar stiúrthóirí *Quinn Industrial Holdings*. Tá gá le háisíneacht ildisciplíneach cosúil leis an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, ina mbeadh baint ag na Gardaí agus an PSNI léi, le smacht a fháil ar an réigiún arís, a dúirt sé. Tá na bagairtí atá déanta in éadan an chomhlachta agus an foréigean atá fulaingthe ag Kevin Lunney do-ghlactha, a dúirt an Taoiseach. Dúirt sé go raibh Coimisinéir na nGardaí ag labhairt le stiúrthóirí an chomhlachta tráthnóna faoin dul chun cinn atá á dhéanamh san fhiosrúchán. Bheadh gá le reachtaíocht ar dhá thaobh na teorann le háisíneacht reachtúil a chur ar bun agus thógfadh seo go leor ama, a dúirt sé.

Idir an dá linn, thug ionadaithe de chuid Uisce Éireann le fios don Choiste um Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil inniu go bhfanfaidh an fógra fiuchta uisce i gcodanna de Bhaile Átha Cliath, Cill Dara agus an Mhí i bhfeidhm go dtí Déardaoin ar a luaithe. Baineann an fógra le thart ar 615,000 duine a fhaigheann a gcuid uisce ón ionad cóireála i Léim an Bhradáin i gCo. Chill Dara, a deir Uisce Éireann anois. Dúirt stiúrthóir bainistíochta an chomhlachta, Niall Gleeson, nach gcuirfear tancaeir uisce ar fáil do thomhaltóirí ó tharla go ndeir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur chóir an t-uisce seo a bhruith chomh maith.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.